Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15615/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0096 (COD)**

**TRANS 559**
**CODEC 1854**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14969/1/25 ADD 1 |
| Ábhar: | Pacáiste ródacmhainneachta: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtaifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle<br>- Cur chuige ginearálta |

I gceangal leis seo gheobhaidh na toscaireachtaí Iarscríbhinn I den togra thuasluaite.

## Cuid I den deimhniú clárúcháin

1. Féadfar an chuid seo a chur chun feidhme i gceachtar den dá fhormáid seo a leanas: mar dhoiciméad páipéir nó mar chárta cliste. Sonraítear saintréithe leagan an doiciméid páipéir i bpointe 2, agus saintréithe leagan an chárta chliste i bpointe 3.

**Sonraíochtaí Chuid I den Deimhniú Clárúcháin i bhformáid pháipéir**

(a) Ní bheidh toisí foriomlána an Deimhnithe Clárúcháin fhisicigh níos mó ná formáid A4 (210 × 297 mm) ná fillteán i bhformáid A4.

(b) Déanfar an páipéar a úsáidfear do Chuid I den Deimhniú Clárúcháin a dhíonadh ar bhrionnú trí dhá cheann ar a laghad de na teicnící seo a leanas a úsáid:

(9) grafaicí,

(ii) comhartha uisce,

(iii) snáithíní fluaraiseacha, nó

(iv) inphriontaí fluaraiseacha.

Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit gnéithe slándála breise a thabhairt isteach.

(c) Féadfaidh roinnt leathanach a bheith i gCuid I den Deimhniú Clárúcháin. Cinnfidh na Ballstáit líon na leathanach i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad agus a leagan amach.

(d) Beidh an méid seo a leanas sa chéad leathanach de Chuid I
den Deimhniú Clárúcháin:

(i) ainm an Bhallstáit a eisíonn Cuid I den Deimhniú Clárúcháin,

(ii) suaitheantas an Bhallstáit a eisíonn Cuid I den deimhniú clárúcháin, is é sin:

B: an Bheilg

BG: an Bhulgáir

CZ: Poblacht na Seice

DK: an Danmhairg

D: an Ghearmáin

EST: an Eastóin

GR: an Ghréig

E: an Spáinn

F: an Fhrainc

HR: an Chróit

IRL: Éire

I: an Iodáil

CY: an Chipir

LV: an Laitvia

LT: an Liotuáin

L: Lucsamburg

H: an Ungáir

M: Málta

NL: an Ísiltír

A: an Ostair

PL: an Pholainn

P: an Phortaingéil

RO: an Rómáin

SLO: an tSlóivéin

SK: an tSlóvaic

FIN: an Fhionlainn

S: an tSualainn

(iii) ainm an údaráis inniúil,

(iv) na focail 'Cuid I den Deimhniú Clárúcháin' nó, mura bhfuil sa deimhniú ach cuid amháin, na focail 'Deimhniú Clárúcháin', priontáilte i gcló mór i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a eisíonn an Deimhniú Clárúcháin; beidh siad le feiceáil freisin, i ndiaidh spás oiriúnach, i gcló beag i dteangacha eile an Aontais Eorpaigh,

(v) na focail 'an tAontas Eorpach', priontáilte i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a eisíonn Cuid I den Deimhniú Clárúcháin,

(vi) uimhir an doiciméid.

(e) Beidh na sonraí seo a leanas i gCuid I den Deimhniú Clárúcháin freisin, agus cóid chomhchuibhithe chomhfhreagracha an Aontais rompu:

(A) uimhir chlárúcháin,

(B) dáta chéadchlárú na feithicle,

(C) sonraí pearsanta,

(C.1) sealbhóir an Deimhnithe Clárúcháin,

(C.1.1) sloinne/sloinnte nó ainm gnó,

(C.1.2) ainm/ainmneacha nó iniseal/inisealacha eile (i gcás inarb iomchuí),

(C.1.3) seoladh i mBallstát an chláraithe, ar dháta eisiúna an doiciméid,

(C.1.4) scriosta,

(C.4) i gcás nach n-áirítear na sonraí a shonraítear in f, cód C.2 sa Deimhniú Clárúcháin, tagairt gurb amhlaidh maidir le sealbhóir an Deimhnithe Clárúcháin:

(a) úinéir na feithicle atá ann,

(b) ní úinéir na feithicle atá ann,

(c) nach sainaithnítear é/í leis an Deimhniú Clárúcháin mar úinéir na feithicle;

(D) feithicil,

(D.1) déanamh,

(D.2) cineál,

- malairt (más ann dó),

- leagan (más ann dó),

(D.3) tuairisc(í) tráchtála ar an bhfeithicil,

(E) uimhir aitheantais feithicle,

(F) mais,

(F.1) an uasmhais ualaithe atá ceadaithe ar bhonn teicniúil, seachas i gcás gluaisrothar,

(G) mais na feithicle atá i seirbhís agus an chabhail san áireamh mar aon le feiste cúplála i gcás feithicle tarraingthe atá i seirbhís ó aon chatagóir seachas M1,

(H) tréimhse bhailíochta, mura tréimhse neamhtheoranta í,

(I) dáta an chlárúcháin dá dtagraíonn an deimhniú seo,

(J) catagóir feithicle,

(J.21) cabhalra,

(K) uimhir chineálcheadaithe feithicle iomláine nó an uimhir cheadaithe aonair Eorpach (más ann di),

(P) inneall,

(P.1) toilleadh (in $cm^3$),

(P.2) glanchumhacht uasta (in kW) (más ann di),

(P.3) cineál breosla nó an fhoinse chumhachta (i gcás inarb infheidhme),

(Q) cóimheas cumhachta le meáchan (in kW/kg) (le haghaidh gluaisrothar amháin),

(S) toilleadh suí,

(S.1) an líon suíochán, lena n-áirítear suíochán an tiománaí,

(S.2) líon na n-áiteanna seasaimh (i gcás inarb iomchuí).

(V.7) $CO_2$ (in g/km) nó astaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcás ina léirítear sin in iontráil 49.5 de Dheimhniú Comhréireachta i leith feithiclí tromshaothair a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún[1] nó in iontráil 49.5 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin,

(V.9) léiriú ar an gcatagóir comhshaoil maidir le leibhéal na hastaíochtaí sceite in iontráil 47 de cuid 2 den Deimhniú Comhréireachta a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in iontráil 47 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin,

(X) cruthúnas gur éirigh leis an tástáil ródacmhainneachta, dáta na chéad tástála ródacmhainneachta eile nó dáta éaga an deimhnithe reatha ar dheimhnithe clárúcháin móibíleacha.

(f) Ina theannta sin, féadfaidh na sonraí seo a leanas a bheith i gCuid I den Deimhniú Clárúcháin, agus cóid chomhchuibhithe chomhfhreagracha an Aontais rompu:

(C) sonraí pearsanta,

(C.1.4) seoladh leictreonach (ríomhphost) shealbhóir an deimhnithe clárúcháin,

(C.2) úinéir na feithicle (le hathscríobh an méid uaireanta a bhfuil úinéirí ann),

(C.2.1) sloinne nó ainm gnó,

(C.2.2) ainm/ainmneacha nó iniseal/inisealacha eile (i gcás inarb iomchuí),

(C.2.3) seoladh i mBallstát an chláraithe, ar dháta eisiúna an doiciméid,

(C.2.4) seoladh leictreonach (ríomhphost) an úinéara,

(C.3) duine nádúrtha nó dlítheanach a fhéadfaidh an fheithicil a úsáid de bhua ceart dlíthiúil seachas ceart úinéireachta,

(C.3.1) sloinne nó ainm gnó,

(C.3.2) ainm/ainmneacha nó iniseal/inisealacha eile (i gcás inarb iomchuí),

(C.3.3) seoladh i mBallstát an chláraithe, ar dháta eisiúna an doiciméid,

---

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/683/oj).

(C.5), (C.6), (C.7), (C.8): i gcás nach n-eiseofar Deimhniú Clárúcháin nua mar thoradh ar athrú ar na sonraí pearsanta a thugtar i bpointe (e), cóid (C.1), (C.2) agus/nó an pointe seo, cód (C.3), féadfar na sonraí pearsanta nua a chomhfhreagraíonn do na pointí sin a áireamh faoi chóid (C.5), (C.6), (C.7) nó (C.8); déantar iad a mhiondealú ansin i gcomhréir leis na tagairtí i bpointe (e), cóid (C.1), (C.2), an pointe seo, cód (C.3),

(F) mais,

(F.2) an uasmhais ualaithe atá ceadaithe i gcás feithicle atá i seirbhís i mBallstát an chláraithe, an uasmhais ualaithe atá ceadaithe i gcás na feithicle iomláine atá i seirbhís i mBallstát an chlárúcháin,

(L) an líon acastóirí,

(M) rothfhad (in mm),

(N) i gcás feithiclí a bhfuil mais iomlán os cionn 3 500 kg acu, dáileadh na huasmhaise iomláine atá ceadaithe ar bhonn teicniúil idir na hacastóirí,

(N.1) acastóir 1 (kg),

(N.2) acastóir 2 (kg), i gcás inarb iomchuí,

(N.3) acastóir 3 (kg), i gcás inarb iomchuí,

(N.4) acastóir 4 (kg), i gcás inarb iomchuí,

(N.5) acastóir 5 (kg), i gcás inarb iomchuí,

(O) uasmhais intarraingthe an leantóra atá ceadaithe ar bhonn teicniúil,

(O.1) le coscáin (kg),

(O.2) gan choscáin (in kg);

(P) inneall,

(p.4) luas rátaithe (i $min^{-1}$),

(P.5) uimhir aitheantais innill,

(R) dath na feithicle,

(T) uasluas (in km/u),

(U) leibhéal fuaime,

(U.1) ina stad (in db(A)),

(U.2) luas an innill (in min-1),

(U.3) agus an fheithicil ag gluaiseacht (in dB(A)),

(V) astaíochtaí sceite,

(V.1) CO (in g/km, mg/km, g/kWh nó mg/kWh),

(V.2) THC (in g/km, mg/km, g/kWh nó mg/kWh),

(V.3) NOx (in g/km, mg/km, g/kWh nó mg/kWh),

(V.4) THC + NOx (in g/km),

(V.5) Mais an ábhair cháithnínigh (PM) (in g/km nó g/kWh),

(V.6) comhéifeacht ionsúcháin cheartaithe le haghaidh díosail (in min-1),

(V.8) an t-ídiú breosla iomlán (in l/100 km),

(V.10) aicme astaíochtaí CO2 na bhfeithiclí tromshaothair arna cinneadh tráth an chéad chlárúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 7ga(2) de Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (5),

(W) toilleadh an umair bhreosla/ na n-umar breosla (i lítir),

(X) cruthúnas gur éirigh leis an tástáil ródacmhainneachta, dáta na chéad tástála ródacmhainneachta eile nó dáta éaga an deimhnithe reatha ar dheimhnithe clárúcháin fisiceacha.

(g) Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a áireamh i gCuid I den Deimhniú Clárúcháin, go sonrach féadfaidh siad cóid náisiúnta bhreise a chur idir lúibíní leis na cóid aitheantais, mar a leagtar síos faoi phointí (e) agus (f).

3. **Sonraíochtaí Chuid I den Deimhniú Clárúcháin i bhformáid chárta cliste**
(Rogha malartach ar an sampla i bhformáid pháipéir a thuairiscítear i bpointe 2)

(a) *Formáid an chárta agus sonraí inléite leis an tsúil*

I gcás ina áirítear micreaphróiseálaí leis an gcárta, dearfar an slischárta i gcomhréir leis na caighdeáin a luaitear i bpointe (e). Ba cheart na sonraí a stóráiltear ar an gcárta a bheith inléite le gnáthghléasanna léitheoireachta (amhail cártaí tacagraif).

Beidh na sonraí a shonraítear i bpointe 2, pointí (d) agus (e), ar a laghad priontáilte ar aghaidh agus ar chúl an chárta; beidh na sonraí sin inléite leis an tsúil (airde íosta na gcarachtar: 6 phointe) agus clóite mar a leanas.

(i) Íomhá Bunúsach

Beidh na nithe seo a leanas san áireamh leis na sonraí bunúsacha:

*Aghaidh*

(1) Ar thaobh deas shuíomh na slise:

i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit a eisíonn Cuid I den Deimhniú Clárúcháin

— na focail ‘an tAontas Eorpach’,

— ainm an Bhallstáit a eisíonn an Deimhniú Clárúcháin,

— na focail ‘Cuid I den Deimhniú Clárúcháin’ nó, mura bhfuil sa deimhniú ach cuid amháin, na focail ‘Deimhniú Clárúcháin’, priontáilte i gcló mór,

— ainmniúchán eile (e.g. ainmniú náisiúnta a rinne roimhe sin) an doiciméid choibhéisigh (roghnach),

— ainm an údaráis inniúil (de rogha air sin, i bhfoirm inphrionta pearsantaithe freisin de réir phointe (ii)),

— uimhir leanúnach gan débhrí an doiciméid mar a úsáidtear laistigh den Bhallstát í (de rogha air sin, i bhfoirm inphrionta pearsantaithe de réir phointe (ii) freisin),

(2) Os cionn shuíomh na slise:

Suaitheantas an Bhallstáit a eisíonn an Deimhniú Clárúcháin, bán i ndronuilleog ghorm agus 12 cheann de réaltaí buí thart air:

B: an Bheilg

BG: an Bhulgáir

CZ: Poblacht na Seice

DK: an Danmhairg

D: an Ghearmáin

EST: an Eastóin

GR: an Ghréig

E: an Spáinn

F: an Fhrainc

HR: an Chróit

IRL: Éire

I: an Iodáil

CY: an Chipir

LV: an Laitvia

LT: an Liotuáin

L: Lucsamburg

H: an Ungáir

M: Málta

NL: an Ísiltír

A: an Ostair

PL: an Pholainn

P: an Phortaingéil

RO: an Rómáin

SLO: an tSlóivéin

SK: an tSlóvaic

FIN: an Fhionlainn

S: an tSualainn

(3) D’fhéadfadh na Ballstáit smaoineamh ar an nóta seo a leanas a chur isteach, ar an imeall íochtarach i gcló beag agus ina dteanga náisiúnta nó ina dteangacha náisiúnta: ‘Ba cheart an doiciméad seo a thabhairt ar aird d’aon duine údaraithe a iarrann é.’

(4) Is é glas (Pantone 362) bundath an chárta; de rogha air sin, is féidir aistriú glas go bán a dhéanamh.

(5) Déanfar siombail a léiríonn roth (féach leagan amach molta i bhFíor 1) a phriontáil laistigh den limistéar priontála sa chúinne íochtair ar chlé ar aghaidh an chárta.

(6) I ngach cás eile, beidh feidhm ag forálacha phointe (m).

(ii) Inphrionta pearsantaithe

Beidh an fhaisnéis seo a leanas san inphrionta pearsantaithe:

*Aghaidh*

(1) Ainm an údaráis inniúil – féach pointe (i) freisin,

(2) Ainm an údaráis a eisíonn an Deimhniú Clárúcháin (roghnach),

(3) Uimhir leantach gan débhrí an doiciméid mar a úsáidtear laistigh den Bhallstát í — féach pointe (i) freisin,

(4) Na sonraí seo a leanas ó phointe 2, pointe (e),

(5) de réir phointe 2, pointe (g), féadfar cóid náisiúnta aonair a chur leis na cóid chomhchuibhithe Aontais atá ann roimhe sin.

(A) uimhir chlárúcháin (uimhir oifigiúil an cheadúnais)

(B) dáta chéadchlárú na feithicle

(C) dáta an chlárúcháin dá dtagraíonn an deimhniú seo,

(C.1) sealbhóir an Deimhnithe Clárúcháin

(C.1.1) sloinne nó ainm gnó

(C.1.2) ainm/ainmneacha nó iniseal/inisealacha eile (i gcás inarb iomchuí)

(C.1.3) seoladh i mBallstát an chláraithe, ar dháta eisiúna an doiciméid

(C.4) i gcás nach n-áirítear na sonraí a shonraítear in f, cód C.2 sa Deimhniú Clárúcháin, tagairt gurb amhlaidh maidir le sealbhóir an Deimhnithe Clárúcháin:

(a) úinéir na feithicle atá ann,

(b) ní úinéir na feithicle atá ann,

(c) nach sainaithnítear é/í leis an Deimhniú Clárúcháin mar úinéir na feithicle;

*Cúl*

Beidh ar a laghad na sonraí eile a shonraítear i bpointe 2, pointe (e) ar an gcúl.

I gcomhréir le pointe 2, pointe (g), féadfar cóid náisiúnta aonair a chur leis na cóid chomhchuibhithe Aontais a bhí ann roimhe sin.

Go mionsonraithe, is iad seo a leanas na sonraí sin:

Sonraí feithicle ( i bhfianaise na nótaí i bpointe 2, pointe (e))

(D.1) déanamh,

(D.2) cineál (malairt/leagan, i gcás inarb iomchuí),

(D.3) tuairisc(í) tráchtála ar an bhfeithicil,

(E) uimhir aitheantais feithicle,

(F) mais,

(F.1) an uasmhais ualaithe atá ceadaithe go teicniúil, seachas i gcás gluaisrothar (kg),

(G) mais na feithicle atá i seirbhís agus an chabhail san áireamh mar aon le feiste cúplála i gcás feithicle tarraingthe atá i seirbhís ó aon chatagóir seachas M1 (kg),

(H) tréimhse bhailíochta, mura tréimhse neamhtheoranta í,

(J) catagóir feithicle,

(J.1) cabhalra,

(K) uimhir chineálcheadaithe na feithicle (más ann di),

(P.1) toilleadh ($cm^3$),

(P.2) cumhacht ainmniúil (kW),

(p.3) cineál breosla nó cineál na foinse cumhachta,

(Q) cóimheas cumhachta le meáchan (in kW/kg) (le haghaidh gluaisrothar amháin),

(S.1) an líon suíochán, lena n-áirítear suíochán an tiománaí,

(S.2) líon na n-áiteanna seasaimh (i gcás inarb iomchuí).

(V.7) $CO^2$(in g/km) nó astaíochtaí sonracha $CO^2$ i gcás ina léirítear sin in iontráil 49.5 den Deimhniú Comhréireachta i leith feithiclí tromshaothair a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in iontráil 49.5 de dheimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin,

(V.9) léiriú ar leibhéal na hastaíochtaí sceite in iontráil 47 de cuid 2 den Deimhniú Comhréireachta a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in iontráil 47 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin,

(X) cruthúnas gur éirigh leis an tástáil ródacmhainneachta, dáta na chéad tástála ródacmhainneachta eile nó dáta éaga an deimhnithe reatha.

Féadfar sonraí breise ó phointe 2, pointe (f) (leis na cóid chomhchuibhithe) agus ó phointe 2, pointe (g) a chur ar bhonn roghnach ar chúl an chárta.

(iii) Gnéithe slándála fisiceacha an chárta chliste

Is iad seo a leanas na bagairtí ar shlándáil fhisiceach doiciméad:

(1) Táirgeadh cártaí bréagacha: rud nua a chruthú atá an-chosúil leis an doiciméad, trína dhéanamh ón tús ar fad nó trí dhoiciméad bunaidh a chóipeáil.

(2) Athrú ábharach: airí doiciméid bunaidh a athrú, e.g. roinnt de na sonraí atá priontáilte ar an doiciméad a mhodhnú.

Déanfar an páipéar a úsáidfear do Chuid I den Deimhniú Clárúcháin a dhíonadh ar bhrionnú trí thrí cinn ar a laghad de na teicnící seo a leanas a úsáid:

— micreachlódóireacht,
— clódóireacht guilloche*,
— clódóireacht dhathlonrach,
— greanadh léasair,
— dúch fluaraiseach ultraivialait,
— dúigh ar a bhfuil dath a bhraitheann ar uillinn an amhairc*,
— dúigh ar a bhfuil dath a bhraitheann ar an teocht*,
— holagraim shaincheaptha*,
— íomhánna inathraitheacha léasair,
— íomhánna atá inathraithe go hoptúil.

Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit gnéithe slándála breise a thabhairt isteach.

Mar bhonn, tugtar tús áite do na teicnící a bhfuil réiltín leo toisc go gcuireann siad ar chumas d'oifigigh forfheidhmithe dlí bailíocht an chárta a sheiceáil gan dul i muinín aon mhodhanna speisialta.

(b) *Próiseáil agus cosaint sonraí*

Agus na cóid choiteanna chomhchuibhithe roimhe (i gcás inarb iomchuí, i dtaca le cóid aonair na mBallstát de réir phointe 2, pointe (g), beidh na sonraí seo a leanas stóráilte nó féadfaidh siad a bheith stóráilte ar dhromchla an chárta ar a bhfuil an fhaisnéis inléite de réir phointe (a):

(i) Sonraí de réir phointe 2, pointí (d) agus (e).

Na sonraí uile a shonraítear i bpointe 2, pointí (d) agus (e), déanfar iad a stóráil go héigeantach ar an gcárta.

(ii) Sonraí eile de réir phointe 2, pointe (f).

Ina theannta sin, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit tuilleadh sonraí a stóráil de réir phointe 2, pointe (f) a mhéid is gá.

(iii) Sonraí eile de réir phointe 2, pointe (g).

Féadfar faisnéis bhreise a stóráil ar bhonn roghnach ar an gcárta.

Stóráiltear na sonraí ó phointí (i) agus (ii) in dá chomhad chomhfhreagracha a bhfuil struchtúr trédhearcach acu (féach ISO/IEC 7816-4). Féadfaidh na Ballstáit stóráil sonraí ó phointe (iii) a shonrú de réir a gceanglas.

Níl aon srianta léitheoireachta ar na comhaid sin.

Is ag na húdaráis inniúla náisiúnta (agus a ngníomhaireachtaí údaraithe) sa Bhallstát a eisíonn an cárta cliste, agus acu sin amháin, a bheidh rochtain scríofa ar na comhaid sin.

Ní cheadófar rochtain scríofa ach amháin tar éis fíordheimhniú neamhshiméadrach trí eochair seisiúin a mhalartú chun an seisiún a chosaint idir an cárta clárúcháin feithicle agus Modúl Slándála (e.g. Cárta um Mhodúl slándála) de chuid na n-údarás inniúil náisiúnta (nó a nGníomhaireachtaí údaraithe). Is ar an gcaoi sin a dhéantar deimhnithe atá infhíoraithe le cárta de réir ISO/IEC 7816-8 a mhalartú roimh an bpróiseas fíordheimhnithe. Sna deimhnithe atá infhíoraithe le cárta, tá na heochracha poiblí comhfhreagracha atá le haisghabháil agus le húsáid sa phróiseas fíordheimhniúcháin seo a leanas. Síníonn na húdaráis inniúla náisiúnta na deimhnithe sin agus tá oibiacht údaraithe iontu (údarú shealbhóir an deimhnithe) de réir ISO/IEC 7816-9 chun údarú a bhaineann go sonrach leis an ról a ionchódú ar an gcárta. Baineann an t-údarú róil seo leis an údarás inniúil náisiúnta (e.g. chun réimse sonraí a nuashonrú).

Stóráiltear eochracha poiblí comhfhreagracha an údaráis inniúil mar chúltaca iontaoibhe (eochair fréimhe phoiblí) sa chárta.

Is faoi fhreagracht na mBallstát é na comhaid agus na horduithe is gá don phróiseas fíordheimhnithe agus don phróiseas scríbhneoireachta a shonrú. Ní mór an dearbhú slándála a fhaomhadh trí Chritéir Choiteanna maidir le meastóireacht de réir EAL4+. Is mar seo a leanas na méaduithe: 1. AVA_MSU.3 Anailís agus tástáil le haghaidh staideanna neamhshlána; 2. AVA_VLA.4 An-fhriotaíoch.

(iv) Sonraí fíorúcháin maidir le barántúlacht na sonraí clárúcháin

Ríomhann an t-údarás eisiúna a shíniú leictreonach faoi shonraí iomlána comhaid ina bhfuil sonraí phointí (i) agus (ii) agus stórálann sé i gcomhad gaolmhar iad. Ligeann na sínithe sin barántúlacht na sonraí atá stóráilte a fhíorú. Stórálfar na sonraí seo a leanas ar na cártaí:

(1) ríomhshíniú na sonraí clárúcháin a bhaineann le pointe (i),

(2) ríomhshíniú na sonraí clárúcháin a bhaineann le pointe (ii).

Chun na ríomhshínithe sin a fhíorú, stórálfar an méid seo a leanas ar an gcárta:

(1) deimhnithe an údaráis eisiúna a ríomhann na sínithe faoi shonraí phointí (i) agus (ii).

Beidh ríomhshínithe agus na deimhnithe inléite gan srian. Is ag na húdaráis inniúla náisiúnta, agus acu sin amháin, a bheidh rochtain scríofa ar ríomhshínithe agus ar dheimhnithe.

(c) *Comhéadan*

Ba cheart teagmhálaithe seachtracha a úsáid chun comhéadanú a dhéanamh. Teaglaim de theagmhálaithe seachtracha le trasfhreagróir, tá sé roghnach.

(d) *Toilleadh stórála an chárta*

Beidh toilleadh stórála leordhóthanach ag an gcárta chun na sonraí a luaitear i bpointe (b) a stóráil.

(e) *Caighdeáin*

Comhlíonfaidh an slischárta agus na gléasanna léitheoireachta a úsáidtear leis na caighdeáin seo a leanas:

ISO 7810: Caighdeáin maidir le cártaí aitheantais (cártaí plaisteacha): Tréithe fisiceacha,

ISO 7816-1 agus -2: Saintréithe fisiceacha na slischártaí, toisí agus suíomh na sliseanna tadhaill,

ISO 7816-3: Saintréithe leictreacha na sliseanna tadhaill, prótacail tarchurtha,

ISO 7816-4: Ábhair chumarsáide, struchtúr-sonraí an tslischárta, ailtireacht shábháilteachta, sásraí rochtana,

ISO 7816-5: Struchtúr sainaitheantóirí feidhmchláir, sainaitheantóirí feidhmchláir a roghnú agus a fheidhmiú, nós imeachta le haghaidh sainaitheantóirí feidhmchláir (córas uimhrithe),

ISO 7816-6: Eilimintí sonraí idir thionscail le haghaidh idirmhalartú,

ISO 7816-8: Cárta ciorcad iomlánaithe a bhfuil teagmhálaithe air - Orduithe idirthionscail a bhaineann leis an tslándáil,

ISO 7816-9: Cárta Ciorcad Iomlánaithe a bhfuil sliseanna tadhaill air - Orduithe idirthionscail feabhsaithe.

(f) Saintréithe Teicniúla agus Prótacail Tarchuir

ID-1 (an ghnáthmhéid, féach ISO/IEC 7810) a bheidh san fhormáid.

Tacóidh an cárta le prótacal tarchurtha T=1 i gcomhréir le ISO/IEC 7816-3. Sa bhreis air sin, féadfar tacú le prótacail tarchurtha eile, e.g. T=0, USB nó prótacail éadadhaill.

Cuirfear an 'coinbhinsiún díreach' i bhfeidhm le haghaidh tarchur giotán (féach ISO/IEC 7816-3).

(i) Voltas soláthair, voltas ríomhchlárúcháin

Oibreoidh an cárta le Vcc = 3V (+/0,3V) nó le Vcc = 5V (+/0,5V). Ní bheidh gá ag an gcárta le voltas ríomhchlárúcháin ag pionna C6.

(ii) Freagra chun athshocrú a dhéanamh

Cuirfear beart an Chárta Méide Réimse Faisnéise ar fáil ag an ATR i gcarachtar TA3. Beidh an luach sin cothrom le '80h' (=128 mbeart) ar a laghad.

(iii) Roghnú paraiméadar prótacail

Tacú le roghnú paraiméadar prótacail (PPS) de réir ISO/IEC 7816-3, tá sé éigeantach. Úsáidtear é chun T=1 a roghnú, má tá T=0 sa chárta freisin, agus chun paraiméadair Fi/Di a shocrú chun rátaí tarchurtha níos airde a bhaint amach.

(iv) Prótacal tarchurtha T = 1

Tacú le slabhrú, tá sé éigeantach.

Ceadaítear na simplithe seo a leanas:

(1) Beart sheoladh nóid: níor úsáideadh é (ba cheart seoladh nóid a shocrú ag ‘00’),

(2) Tobscoir Bloc-M: níor úsáideadh é,

(3) Earráid maidir le staid voltas cumhachta ríomhchlárúcháin Bloc-M: níor úsáideadh é.

Léireofar an gléas méide réimse faisnéise (GMRF) ón láimhseálaí gléas comhéadain (LGC) díreach tar éis freagra chun athshocrú a dhéanamh, i.e. tarchuirfidh LGC an t-Iarratas maidir le méid réimse faisnéise (MRF) Bloc-M tar éis freagra chun athshocrú a dhéanamh agus seolfaidh an cárta MRF Bloc-M ar ais. Is é 254 bheart an luach molta le haghaidh GMRF.

(g) *Raon teochta*

Feidhmeoidh an deimhniú clárúcháin i bhformáid chárta cliste faoi na dálaí aeráide go léir atá i réim de ghnáth i gcríocha uile an Aontais agus sa raon teochta a shonraítear in ISO 7810 ar a laghad. Beidh na cártaí in ann oibriú i gceart sa raon taise 10 % go 90 %.

(h) *Saolré fisiceach*

Má úsáidtear é i gcomhréir leis na sonraíochtaí comhshaoil agus na sonraíochtaí a bhaineann le leictreachas, ní mór go bhfeidhmeodh an cárta i gceart ar feadh tréimhse 10 mbliana. Ba cheart ábhar an chárta a roghnú sa chaoi go n-áiritheofar an saolré sin.

(i) *Saintréithe leictreacha*

Agus iad ag oibriú, comhlíonfaidh na cártaí Rialachán (AE) 2019/2144, ón gComhairle Eorpach agus ón bParlaimint[2] a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, agus cosnófar iad ar sceitheadh leictreastatach.

(j) *Struchtúr comhaid*

---

[2] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj).

I dTábla 1, liostaítear comhaid bhunúsacha éigeantacha (EF) fheidhmchláir DF (féach ISO/IEC 7816-4) DF.Registration. Tá struchtúr trédhearcach ag na comhaid sin go léir. Tugtar tuairisc ar na ceanglais rochtana i bpointe (b). Méideanna na gcomhad, tá siad sonraithe ag na Ballstáit de réir a gceanglas.

Tábla 1

| **Ainm an chomhaid** | **Aitheantóir Comhaid** | **Tuairisc** |
|---|---|---|
| EF.Registration_A | ‘D001’ | Sonraí clárúcháin de réir phointe 2, pointí (d) agus (e) |
| EF.Signature_A | ‘E001’ | Ríomhshíniú faoi inneachar sonraí iomlán EF.Registration_A |
| EF.C.IA_A.DS | ‘C001’ | X.509v3 Deimhniú an údaráis eisiúna lena ríomhtar na sínithe le haghaidh EF.Signature_A |
| EF.Registration_B | ‘D011’ | Sonraí clárúcháin de réir phointe 2, pointe (f) |
| EF.Signature_B | ‘E011’ | Ríomhshíniú faoi ábhar sonraí iomlán EF.Registration_B |
| EF.C.IA_B.DS | ‘C011’ | X.509v3 Deimhniú an údaráis eisiúna lena ríomhtar na sínithe le haghaidh EF.Signature_B |

(k) *Struchtúr na sonraí*

Tá na comhaid atá stóráilte san fhormáid X.509v3 de réir ISO/IEC 9594-8. Stóráiltear na ríomhshínithe go trédhearcach.

Stóráiltear na sonraí clárúcháin mar oibiachtaí sonraí BER-TLV (féach ISO/IEC 7816-4) sna comhaid bhunúsacha comhfhreagracha. Códaítear réimsí an luacha mar charachtar ASCII mar a shainmhínítear le ISO/IEC 8824-1, sainmhínítear na réimsí C0'-'FF' ag ISO/IEC 8859-1 (tacar carachtar Laidineach1), ISO/IEC 8859-2 (tacar carachtar na hEorpa Láir Laidineach2), ISO/IEC 8859-7 (tacar carachtar Gréagach) nó ISO/IEC 8859-5 (tacar carachtar Coireallach). Is é BBBBMMLL formáid na ndátaí.

I dTábla 2, liostaítear na clibeanna lena sainaithnítear na hoibiachtaí sonraí a chomhfhreagraíonn le sonraí clárúcháin phointe 2, pointí (d) agus (e) in éineacht le sonraí breise ó phointe (a). Mura sonraítear a mhalairt, na hoibiachtaí sonraí atá liostaithe i dTábla 2, tá siad éigeantach. Féadfar oibiachtaí sonraí roghnacha a fhágáil ar lár. Léirítear leibhéal an neadaithe i gcolún na Clibe.

Tábla 2

| **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Tuairisc** |
|---|---|---|---|---|
| ‘78’ | | | | Údarás leithdháilte clibe comhoiriúnach, oibiacht neadaithe ‘4F’ (féach ISO/IEC 7816-4 agus ISO/IEC 7816-6) |
| | ‘4F’ | | | Aitheantóir an fheidhmchláir (féach ISO/IEC 7816-4) |
| ‘71’ | | | | Teimpléad idirthionscail (féach ISO/IEC 7816-4 agus ISO/IEC 7816-6) a chomhfhreagraíonn do shonraí éigeantacha an deimhnithe clárúcháin Cuid 1, lena neadaítear na hoibiachtaí uile seo a leanas |
| | ‘80’ | | | Sainmhíniú leagan na clibe |
| | ‘9F33’ | | | Ainm an Bhallstáit a eisíonn an deimhniú clárúcháin Cuid 1 |
| | ‘9F34’ | | | Ainmniú eile (e.g. ainmniú náisiúnta a rinne roimhe sin) an doiciméid choibhéisigh (roghnach) |
| | ‘9F35’ | | | Ainm an údaráis inniúil |
| | ‘9F36’ | | | Ainm an údaráis a eisíonn an deimhniú clárúcháin (roghnach) |
| | ‘9F37’ | | | Tacar carachtar a úsáidtear:<br>‘00’: ISO/IEC 8859-1 (tacar carachtar Latin1) <u>**ISO/IEC 8859-2**</u> (<u>**tacar carachtar Latin2 Lár na hEorpa**</u>) ‘01’: ISO/IEC 8859-5 (tacar carachtar Coireallach)<br>‘02’: ISO/IEC 8859-7 (tacar carachtar Gréagach) |
| | ‘9F38’ | | | Uimhir leantach gan débhrí an doiciméid mar a úsáidtear laistigh den Bhallstát í |

| Clib | Clib | Clib | Clib | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | ‘81’ | | | Uimhir chlárúcháin |
| | ‘82’ | | | Dáta an chéad chlárúcháin |
| | ‘A1’ | | | Sonraí pearsanta, oibiachtaí neadaithe ‘A2’ agus ‘86’ |
| | | ‘A2’ | | Sealbhóir an dheimhnithe clárúcháin, oibiachtaí neadaithe ‘83’, ‘84’ agus ‘85’ |
| | | | ‘83’ | Sloinne nó ainm gnó |
| | | | ‘84’ | Ainm(neacha) nó iniseal(acha) eile (roghnach) |
| | | | ‘85’ | Seoladh sa Bhallstát |
| | | ‘86’ | | ‘00’: úinéir na feithicle atá ann<br>‘01’: ní úinéir na feithicle atá ann<br>‘02’: níltear sainaitheanta mar úinéir na feithicle |
| | ‘A3’ | | | Feithicil, oibiachtaí neadaithe ‘87’, ‘88’ agus ‘89 |
| | | ‘87’ | | Déanamh na feithicle |
| | | ‘88’ | | Cineál feithicle |
| | | ‘89’ | | Tuairiscí tráchtála ar an bhfeithicil/<br>ar fheithiclí |
| | ‘8A’ | | | Uimhir aitheantais feithicle |
| | ‘A4’ | | | Neadú maise ‘8B’ |
| | | ‘8B’ | | An uasmhais ualaithe atá ceadaithe go teicniúil |
| | ‘8C’ | | | Mais na feithicle atá i seirbhís agus an chabhail san áireamh |
| | ‘8D’ | | | Tréimhse bhailíochta |
| | ‘8E’ | | | Dáta an chlárúcháin dá dtagraíonn an deimhniú seo |
| | ‘8F’ | | | Uimhir chineálcheadaithe |
| | ‘A5’ | | | Inneall, oibiachtaí neadaithe ‘90’, ‘91’ agus ‘92’ |
| | | ‘90’ | | Toilleadh innill |
| | | ‘91’ | | Glanchumhacht uasta an innill |
| | | ‘92’ | | Cineál breosla innill |

| **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Tuairisc** |
|---|---|---|---|---|
| | ‘93’ | | | Cóimheas cumhachta le meáchan |
| | | | | Spásanna suí, oibiachtaí neadaithe ‘94’ agus ‘95’ |
| | | ‘94’ | | An líon suíochán |
| | | ‘95’ | | An líon áiteanna seasaimh |

I dTábla 3, liostaítear na clibeanna lena sainaithnítear na hoibiachtaí sonraí a chomhfhreagraíonn le sonraí clárúcháin phointe 2, pointe (f). Na hoibiachtaí sonraí atá liostaithe i dTábla 3, tá siad roghnach.

Tábla 3

| **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Tuairisc** |
|---|---|---|---|---|
| '78' | | | | Údarás leithdháilte clibe comhoiriúnach, oibiacht neadaithe '4F' (féach ISO/IEC 7816-4 agus ISO/IEC 7816-6) |
| | '4F' | | | Aitheantóir an fheidhmchláir (féach ISO/IEC 7816-4) |
| '72' | | | | Teimpléad idirthionscail (féach ISO/IEC 7816-4 agus ISO/IEC 7816-6) a chomhfhreagraíonn do shonraí roghnacha an deimhnithe |

| Clib | Clib | Clib | Clib | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | clárúcháin Cuid 1, Caibidil II.6, lena neadaítear na hoibiachtaí uile seo a leanas |
| | ‘80’ | | | Sainmhíniú leagan na clibe |
| | ‘A1’ | | | Sonraí pearsanta, oibiachtaí neadaithe ‘A7’, ‘A8’ agus ‘A9’ |
| | | ‘A7’ | | Úinéir feithicle, oibiachtaí neadaithe ‘83’, ‘84’ agus ‘85’ |
| | | | .. | |
| | | ‘A8’ | | Dara úinéir feithicle, oibiachtaí neadaithe ‘83’, ‘84’ agus ‘85’ |
| | | | .. | |
| | | ‘A9’ | | Duine a fhéadann an fheithicil a úsáid de bhua cheart |

| **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Tuairisc** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | dlíthiúil seachas úinéireacht, oibiachtaí neadaithe '83', '84', agus '85' |
| | | | .. | |
| | 'A4' | | | Mais, arna neadú '96' agus '97' |
| | | '96' | | An uasmhais ualaithe atá ceadaithe i gcás na feithicle atá i seirbhís |
| | | '97' | | An uasmhais ualaithe atá ceadaithe i gcás na feithicle iomláine atá i seirbhís |
| | '98' | | | Catagóir feithicle |
| | '99' | | | An líon acastóirí |
| | '9A' | | | Rothfhad |
| | 'AD' | | | Dáileadh na huasmhaise ualaithe atá ceadaithe idir na hacastóirí, |

| Clib | Clib | Clib | Clib | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | oibiachtaí neadaithe ‘9F1F’, ‘9F20’, ‘9F21’, ‘9F22’ agus ‘9F23’ |
| | | ‘9F1F’ | | Acastóir 1 |
| | | ‘9F20’ | | Acastóir 2 |
| | | ‘9F21’ | | Acastóir 3 |
| | | ‘9F22’ | | Acastóir 4 |
| | | ‘9F23’ | | Acastóir 5 |
| | ‘AE’ | | | Uasmhais intarraingthe an leantóra atá ceadaithe ar bhonn teicniúil, oibiachtaí neadaithe ‘9B’ agus ‘9C’ |
| | | ‘9B’ | | Le coscáin |
| | | ‘9C’ | | Gan coscáin |
| | ‘A5’ | | | Inneall, oibiachtaí neadaithe ‘9D’ agus ‘9E’ |
| | | ‘9D’ | | Luas rátaithe |

| Clib | Clib | Clib | Clib | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | ‘9E’ | | Uimhir aitheantais innill |
| | ‘9F24’ | | | Dath na feithicle |
| | ‘9F25’ | | | Uasluas |
| | ‘AF’ | | | Leibhéal fuaime, oibiachtaí neadaithe ‘DF26’, ‘DF27’ agus ‘DF28’ |
| | | ‘9F26’ | | Ina stad |
| | | ‘9F27’ | | Luas innill |
| | | ‘9F28’ | | Agus an fheithicil ag gluaiseacht |
| | ‘B0’ | | | Astaíochtaí sceite, oibiachtaí neadaithe ‘9F29’, ‘9F2A’, ‘9F2B’, ‘9F2C’, ‘9F2D’, ‘9F2E’, ‘9F2F’, ‘9F30’ agus ‘9F31’ |
| | | ‘9F29’ | | CO |
| | | ‘9F2A’ | | HC |

| **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Clib** | **Tuairisc** |
|---|---|---|---|---|
| | | ‘9F2B’ | | $NO_X$ |
| | | ‘9F2C’ | | $HC+NO_X$ |
| | | ‘9F2D’ | | Cáithníní díosail |
| | | ‘9F2E’ | | Comhéifeacht ionsúcháin ceartaithe le haghaidh díosail |
| | | ‘9F2F’ | | $CO_2$ |
| | | ‘9F30’ | | An t-ídiú breosla iomlán |
| | | ‘9F31’ | | Léiriú ar an gcatagóir chomhshaoil maidir le cineálcheadú CE |
| | ‘9F32’ | | | Toilleadh umair breosla |

Struchtúr agus formáid na sonraí de réir pointe 2, pointe (g) , tá siad sonraithe ag na Ballstáit.

(l) *Sonraí clárúcháin a léamh*

(i) Roghnú Feidhmchlár

Beidh an t-iarratas ‘Clárú Feithiclí’ inroghnaithe le SELECT DF (ó ainm, féach ISO/IEC 7816-4) le haitheantóir an fheidhmchláir leis (AID). Iarrtar luach an AID ar shaotharlann arna roghnú ag an gCoimisiún Eorpach.

(ii) Sonraí a léamh ó chomhaid

Beidh na comhaid a chomhfhreagraíonn do phointe 2, pointí (d), (e) agus (f) inroghnaithe le SELECT (féach ISO/IEC 7816-4) leis na paraiméadar ordaithe P1 socraithe chuig ‘02’, P2 socraithe chuig ‘04’ agus an réimse sonraí ordaithe a bhfuil an sainaitheantóir comhaid (féach pointe (j), Tábla 1). Sa teimpléad paraiméadar rialaithe comhaid, tá méid an chomhaid, rud is féidir a bheith úsáideach chun na comhaid sin a léamh.

Beidh na comhaid sin inléite le READ BINARY (féach ISO/IEC 7816-4) le réimse sonraí ordaithe in easnamh agus socrófar an Le go fad na sonraí a bhfuil coinne leo, agus Le gearr in úsáid.

(iii) Fíorú ar bharántúlacht sonraí

Chun barántúlacht na sonraí clárúcháin stóráilte a fhíorú, d’fhéadfaí an ríomhshíniú comhfhreagrach a fhíorú. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí an ríomhshíniú comhfhreagrach a léamh ón gcárta clárúcháin sa bhreis ar na sonraí clárúcháin.

Féadtar an eochair phoiblí chun ríomhshíniú a fhíorú a aisghabháil tríd an deimhniú údaráis comhfhreagrach a léamh ón gcárta clárúcháin. Sna deimhnithe, tá an eochair phoiblí agus céannacht an údaráis chomhfhreagraigh. Féadfar fíorú an tsínithe a dhéanamh le córas eile seachas an cárta clárúcháin.

Na heochracha poiblí agus na deimhnithe poiblí chun deimhniú an údaráis eisiúna a fhíorú, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit iad a aisghabháil.

(m) *Forálacha speisialta*

Gan beann ar na forálacha anseo, féadfaidh na Ballstáit, tar éis dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún, dathanna, marcanna nó siombailí a chur leis. Ina theannta sin, maidir le sonraí áirithe i bpointe (b)(iii), féadfaidh na Ballstáit formáid XML a cheadú agus rochtain trí TCP/IP a cheadú.

Féadfaidh na Ballstáit, le comhaontú an Choimisiúin Eorpaigh, feidhmchláir eile nach bhfuil aon rialacha comhchuibhithe nó doiciméid chomhchuibhithe ina leith ann ar leibhéal an Aontais (e.g. deimhniú ródacmhainneachta), a chur leis an gcárta clárúcháin feithicle chun seirbhísí breise a bhaineann le feithiclí a bhaint amach.